Geall re hiarlachd ainm barúin
[NLI G 992, Nugent manuscript, 35v]
An fer ceadna .i. Muirchertach O Cobhthaigh
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Geall re hiarlachd ainm barúin
íarlacht don ainm nír fholáir
mór le riar bladh an bharúin
ar daghúir ríamh ’na rodhóigh.
2 A[n] barún iarla an einigh
antnúth ar iarlaibh cuiridh
tnuth ó chert ríamh re rodhain
terc a hshamhuil d’fhíadh Fhuinidh.
3 Rothnúth go bfhuil re filidh
do chrudh on bharún bearair
tarrla sí ag dáimh ’na deimhin
dóigh einigh do bhí a Breghaibh.
4 A dhíorma slóigh ’na sirthibh
na cóig thíre gur thiomchail
ní do thár ar chloind gCobhthaigh
thoghthair Goill le clar gCríomthain
5 Fr[io?]th leis an riar fá raibhe
a mhían tar ais nach fuidhe
ní fhéad triall ó mhoidh Mhidhe
file ’sa thoil d’fhíadh ele.
6 Maoir ag tionól chóig gcánadh
go Criosdóir lor dá láoidheadh
mithid le cách é d’fhéachain
an ngébhadh sé gnáth Gáoidheal.
7 Rodhocair diol a ndiomdha
láoich lé gcosainter colbha
a-táthar fáoi ag fóir Dhealbhna
dá ndeárna cóir chráoi Chondla.
8 Giall a gcuibhreach do cuiredh
a ndiaidh bruidne do bhlodhadh
go féin nGall tré thegh dteinedh
mall deibhedh na bhfer bhfholadh.
9 Mac Risderd d’áth nír imdhigh
dáil nach dlighend gur dhaingnigh
mithidh dóibh triall go Temhraigh
fóir Brégmhuigh riam ’na róidhnibh.
10 Ag sin aoinbhreth gach eólaigh
an righe do breith béraidh
féachadh sé cert fán gcánaidh
dá hsheacht ngráduibh é d’fhéchuin.
11 Fian Ghall ’s gan dola a ndeabhaidh
Bánba fá chomha cuiridh
an leath toir riamh ’na rodhain
a-noir ghabthair fíadh Fuinidh.

12 Ge romho san ghleó Gaoidhil
ar Chriosdoir ní doich dénamh
mór dtír ’na chairt fa chánaidh
tar lámhuibh hshíl Airt Éinfhir.
13 Fiú a dtáinic do thoigh cuirthe [36r]
bráighde a bruidhin gur bheirthe
lía fear ar nach fuil aithne
a dtoigh chaithmhe fhear nEithne.
14 Ní d’fhuighlibh iarraid úmhla
búidhne go mbríathraibh n-a[ndm?]a
lá glíadh ní meisde a menma
fian Dhealbhna a leiscce labhra.
15 Ni thiobhra a ceilt do chomhaidh
iomdha les an mbreith bhearair
do-ni dá leith d’fhiadh Fhuinidh
cuiridh cliar bhreith le Breghuibh.
16 A sealbh agaibh at énar
bearna throda nior taobhadh
ód chúairt láoi don chru chaoilshleadh
clú Gáoidheal do bhi a mbáodhal.
17 Lá tionóil re huchd t’enigh
duit a Chriosdóir as cubhaidh
do-bhir tú do dháimh dhoiligh
clú oinigh cháigh nach cumhain.
18 Ní gar dhaoibh dhol a ndeabhaidh
má frioth do choscc ar chomhaidh
cor síth agas sé ar slighidh
ridhin le rígh é ar h’omhan.
19 Téid an teachd tar ghlóir nGaoidheal
a gceart do-chóidh a sineadh
cairt ar Bhóin leat gá léaghadh
lér senadh cóir mhac Mileadh.
20 Ni cosmhail cur ’na haghaidh
an bhreath-soin rugadh romh[aibh?]
beir do bhreith a leac Lughaidh
cumhain leat bheith ag Bre[g]aibh (?).
21 Anamhain ar iochd t’einigh
ar hshir d’anacul oraibh
rí ad chend mar ghiall a ngeimhil
gabhaidh geall ’na fhíadh d’fhodhail.
22 Breath nach ainíul ar eolchaibh
as let a bharúin bherthair
coig geill an t-am fa n-íarthar
fíafraidh d’fhéin Ghall an ngébhthair.
23 Tus na garma as duit dhleaghar
tar a dtarla a dtoigh chuiridh
don nos riamh do bhi a mBreghaib
gach ri ad dheaghaidh siar suidhigh.
24 Deacair diall re a ndiol ionaidh

ríar do dhíorma gur doilidh
mas beg libh do líon cuiridh
do lion bruidhen fhir oinigh.

25 Tu a ngliaidh ar nguin a ríghfhir
ní fhuil a ndiaidh a dhénaimh
ferg nach bí ribh ag ríoghain
do hshiodhaigh sibh í d’fhechain.

26 Gan ghuais ar chach da gceanaibh
an trath do-chúaidh fád chomhaidh
bheith gan righ dí nir doilidh
tír nár hshuidigh rí romhaibh.

27 Díol do dhiomdha gur dhuilidh
bhudh hiomdha crioch len cumain
guais da dti t’fherg at aghaidh
rí ar fadhail ní cerd chubhaidh.

28 An smachd-úd as duit dhleaghar
a bharúin do bhreith dlighidh
leigthear sáor í dot omhan
craobh thoraidh as sí ar slighidh.

29 Láoich ríoghda nach dóich dhiomdha
sínid tar ógbhaidh nÉmhna
ní sgél sin ar chloind gCondla
Goill ar colbha a dtigh Themhra.

30 Fíu a rug an t-ollamh uirthe
conair do chur a leithne
an sgol ní iarr dá aithne
achd cor aighthe ar fhíadh nEithne.

31 Criosdoir a céile cubhaidh [36v]
do Chriosdóir as séd samhail
ní fada an leim tug Teamhair
a mBreaghaibh féin rug rodhain.

32 Geill riogh do-bhir a berna
slighthe tré thír go dtiobhra
má terc dóibh a n-úair fheadhma
fóir Dealbhna uaidh as iomdha.

33 Gan triall as ar a aire
ar dtaisdeal na n-íath eile
ní do thríall ó mhuidh Mhidhe
do chuir file ríar reimhe.

34 Ni guth d’einneach d’eis chomhóil
gan dréim ré dénamh rolúith
tug fear gan chúimhne ar camháir
fadháil fhleadh bhrúidhne an bharúin.

35 Réir gach áoinfhir dá bhfhadhar
ní saoilte as méd a mhuirir
créd dob áil do chóig comhaibh
láimh ré sgolaibh fhóid Fhuinidh.

36 Ag so an clár ar tí a thilte
a fhíoch fá lár ni leigfe

ní ghabh coir far gclar Airt-ne
rádh cairte cáigh ní chreidfe.
37 Gu locfadh a n-uair fhodhla
ar fhocluibh drúagh ní dhiongna
cuma fáidh le féin nDealbhna
léim berna an tráth fá dtiobhra.
38 Terc do chách ar tí throda
tar tí ’na ndáil da ndruide
ced suain ar an ath aige
faide go bhfhuair cách chuige. Geall re…
39 Inghen iarla fhóid Mháighe
do-chóidh os iarlaibh d’fhéile
ni chuir úain ar dhúais ndáimhe
gúais le Máire buain bhéime.
40 Fuil hShacsan ’na grúaidh gébhaidh
casmhail gan úain ar áoidhidh
a crodh ní an ré a iarraidh
crodh fá mhianaibh sgol sgaoilidh.
41 Nír chleachd coigil chnú n-órdha
dá clú go cora a dhíamhra
bean ré bac gcruidh do cháomhna
slat mháordha d’fhuil na n-íarla.
42 Inghen Gheróid tráigh thoraidh
do dháimh as deghdhóich einigh
an dóich do bhí ag dáimh dhoiligh
cuiridh sí an dóich a ndemhin.
43 Ríbhen gan éra n-ollaimh
do médaigh gnáoi do Ghalluibh
deacair buing ré a clú a gcumaidh
cnú mhullaigh chroinn ós chrannuibh.